AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.10.2022
COM(2022) 566 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú**

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht

**CINNEADH Uimh.../2022 Ó CHOISTE CCE**

**arna bhunú ag an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, i ndáil le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú**

**TÁ COISTE CCE,**

Ag féachaint don Chomhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) agus d'Airteagal 92 lena bhforáiltear go mbeidh Coiste CCE freagrach as riarachán gach earnála a chumhdaítear sa Chomhaontú agus as na cúraimí uile dá dtagraítear ann a chomhlánú;

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 1/2016 ó Choiste CCE an 15 Nollaig 2016 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta eadhon airteagal 5 lena bhforáiltear go bhféadfaidh Coiste CCE fochoistí a chur ar bun, faoina údarás féin, a bheidh freagrach as ábhair shonracha a láimhseáil faoin gComhaontú;

I bhfianaise an ghá atá le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú;

**AG GLACADH AN CHINNIDH SEO A LEANAS:**

*Airteagal 1*

1. Bunaítear leis seo Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe don Chomhpháirtíocht idir an Comhphobal Eorpach agus Páirtí na hAfraice Láir chun na cúraimí a shainmhínítear in Airteagal 2 thíos a chomhlíonadh.
2. Is é príomhaidhm Fhochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe malartuithe faisnéise faoi shaincheisteanna maidir le forbairt talmhaíochta, tréadacha agus tuaithe a éascú.

*Airteagal 2*

Beidh Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe freagrach as staidéar a dhéanamh ar dhoiciméid chun tuairimí a fhorbairt, agus forbairt a dhéanamh ar shaincheisteanna talmhaíochta, tréadacha agus tuaithe chomh maith le tuairimí a eisiúint agus moltaí a dhéanamh maidir leo. Cuirfidh sé ar a gcumas do na bPáirtithe a gcuid taithí, faisnéise agus dea-chleachtas a mhalartú agus comhairliúchán a dhéanamh le chéile faoi gach ábhar a bhaineann leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shainmhínítear in Airteagal 2 de Theideal I an Chomhaontaithe, agus a thagann faoi raon an fhochoiste mar a thuairiscítear thíos.

1. Beidh an Fochoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe freagrach as an méid a leanas, faoi údarás Choiste CCE:

a) Faireachán ar gach gné de Theidil II, III agus V den Chomhaontú a bhaineann le trádáil talmhaíochta agus táirgí beostoic, le cúrsaí sláintíochta agus fíteasláintíochta, le slándáil bia agus forbairt tuaithe, chomh maith le maoin intleachtúil agus saincheisteanna maidir le forbairt inbhuanaithe, toisc go mbaineann siad le táirgí talmhaíochta agus beostoic.

b) Páirt a ghlacadh in idirphlé beartais faoi thalmhaíocht, beostoc agus forbairt tuaithe sna réimsí seo a leanas:

i) Tairgeadh, tomhaltas, tionscnamh trádála agus forbairtí sa mhargadh i gcás talmhaíochta agus táirgí beostoic;

ii) Infheistiú sna hearnálacha talmhaíochta agus tréadacha a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ar mhionscála;

iii) Beartais talmhaíochta agus forbartha tuaithe, reachtaíocht agus rialacháin, lena n-áirítear beartais ar thásca geografacha agus an fheirmeoireacht orgánach

iv) Teicneolaíochtaí nua, taighde agus nuálaíocht, agus aistriú eolais chuig na hearnálacha talmhaíochta chomh maith le gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun an t-aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe a chur chun cinn.

2. Beidh Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe freagrach freisin as an bhfaireachán ar chur chun feidhme mholtaí Choiste CCE a mhéid a bhaineann siad leis an réimse inniúlachta a shainmhínítear sa chéad mhír.

3. Cuirfidh Fochoiste CCE a thuairimí faoi bhráid Choiste CCE.

*Airteagal 3*

I bhFochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, beidh ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, de pháirt, agus ionadaithe ó Pháirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile. Féadfaidh na páirtithe a bhfuil ionadaíocht acu ann cinneadh a dhéanamh le chéile cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe eile, go háirithe geallsealbhóirí a bhaineann réimse inniúlachta an Fhochoiste leo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh Fochoiste CCE le chéile ar an láthair nó trí leas a bhaint as modhanna iomchuí eile atá comhaontaithe ag na Páirtithe. Cinnfear clár agus minicíocht chruinnithe an fhochoiste trí chomhthoil idir na páirtithe a bhfuil ionadaíocht acu ann.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a shínithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, _____ 2022.